



# Straitéis Daoine an Gharda Síochána

2019 - 2021



## Sárphóilíneacht trínár ndaoine

Tá gliondar croí orm Straitéis Daoine an Gharda Síochána 2019-2021 a fhoilsiú.

Is é ár bhfís mar eagraíocht chun freastal ar dhaoine agus iad a chosaint, agus ní féidir ach lenár ndaoine i measc gach ról agus leibhéal laistigh den eagraíocht seo é seo a bhaint amach. Chun straitéis eagraíochta an Gharda Síochána a bhaint amach, caithfidimid straitéis shoiléir daoine a bheith i bhfeidhm. Sonraítear sa straitéis daoine seo na tionscnaimh agus gníomhartha straitéiseacha a bhfuiltear ag tabhairt fúthu lena chinntiú go gcuirimid na huirlisí agus tacaíochtaí cearta i bhfeidhm, chun gur féidir lenár ndaoine sármhaitheas a bhaint amach chun sársheirbhís phóilíneachta a sholáthar do na daoine ar a bhfreastalaímid. D'fhorbraíomar straitéis daoine don tréimhse a fhad le 2021 le comhoibriú na ceannaireachta agus na foirne ó gach áit ar fud na heagraíochta. Tógadh an straitéis daoine seo ar cheithre cholún:

- **Ár ndaoine:** lucht saothair fairsing a mhealladh, a choimeád agus a fhorbairt;
- **Ár gceannaireacht:** ceannairí a thógáil ar gach leibhéal;
- **Ár gcultúr éagsúil agus cuimsitheach:** ár luachanna a bhronnadh ar an mbeatha trínár gcultúr; agus
- **Ár bhfolláine:** deiseanna a sholáthar dár ndaoine chun bheith faoi bhláth agus bheith ar fónamh.

I measc gach cinn de na colúin seo, cuirfidh sraith colún ar chumas an Gharda Síochána a fhís fhoriomlán daoine a sholáthar agus a bhaint amach, dul i ngleic le haiseolas ón iniúchadh ar chultúr, moltaí an Choimisiúin um Thodhchaí na Póilíneachta in Éirinn a chur i bhfeidhm, agus sinn a thabhairt chun cinn i dtreo eagraíochta ina bhfuil 21,000 duine faoin mbliain 2021.

Chun go n-éiríonn linn, caithfidimid leanúint ag oibriú ar na cumasóirí criticiúla a thacaíonn leis an straitéis daoine a sholáthar, agus is é an cumasóir is tábhachtaí ná tiomantas leanúnach na heagraíochta ag oibriú na ceannaireachta don fhís a chothaíonn siad, agus oibriú i leith ár gCóid Eitice. Caithfidh go nglacann an eagraíocht, ina hiomláine, úinéireacht ar ár straitéis daoine; tá an fhreagracht orainn go léir a chinntiú go gcuirtear i bhfeidhm í. Táimse féin tiomanta don straitéis daoine seo agus a chinntiú go gcuirtear i bhfeidhm í, agus is eol dom go bhfuil an tiomantas seo ag an bhfoireann cheannaireachta ar fud an Gharda Síochána.



Trí dhírú ar ár ndaoine, ár gceannaireacht, ár gcultúr éagsúil agus cuimsitheach agus ár bhfolláine, tá tús áite á thabhairt ag an nGarda Síochána do na limistéir inar féidir an tionchar is mó a sholáthar don fhoireann go léir agus, mar toradh air sin, do na daoine ar a bhfreastalaímid.

Is deas liom an straitéis daoine seo a chur i láthair mar bhealach inar féidir linn sárphóilíneacht a sholáthar trínár ndaoine.

Drew Harris  
**Coimisinéir**

# Tionchar na straitéise daoine

Cruthaíonn tosca inmheánacha agus seachtracha daoine na nithe a chuireann athrú chun cinn agus a dhéanann, anuas ar thosaíochtaí na heagraíochta, eolas a chur ar fáil d'fhorbairt na straitéise daoine seo.

## TOSCA INMHEÁNACHA

### Athruithe Straitéiseacha

- Aistrithe ar **chomhdhéanamh an lucht saothair**, méadú aníos go dtí 21,000 duine ina measc.
- Teastaíonn ón **gclár athchóirithe** sa Gharda Síochána go mbíonn an cumas ann chun athrú a dhéanamh.

### Torthaí comhairliúcháin na heagraíochta

- Tá gá le deighiltí a bhriseadh atá laistigh den eagraíocht agus cultúr **"an Garda Síochána Amháin"** a chruthú.
- Díriú ar **fheidhmíocht** a bhainistiú agus a aithint.
- Na **daoine** cearta a mhealladh, a fhorbairt agus a imlonnú.
- Teastaíonn **éifeachtacht cheannaireachta agus bhainistíochta** ar gach leibhéal.
- Luach daoine a léiriú agus **rannpháirtíocht agus folláine** a chumasú.
- **Éagsúlacht** agus cuimsiú ar fud na heagraíochta.
- An gá atá leis go n-éiríonn le **cumasóirí AD agus FG**.

### Torthaí breise ón iniúchadh ar chultúr

- **Trédhearcacht/oscailteacht** – cinntí trédhearcacha agus eagla roimh labhairt amach.
- Easpa **rannpháirtíochta**, ní dóchúil go molfaí an Garda Síochána mar áit le hoibriú ann.
- Bearnaí **maoirseachta** agus bainistíochta.

## STRAITÉIS NA HEAGRAÍOCHTA

**Fís:** Freastal agus cosaint.

**Luachanna:** seirbhís, ionracas, cuntasacht, meas, gairmiúlacht, ionbhá.

Prionsabail agus moltaí do thodhchaí na póilíneachta in Éirinn de chuid **an Choimisiúin um Thodhchaí na Póilíneachta in Éirinn**.

## STRAITÉIS DAOINE

### CÚISEANNA ATHRAITHE

**An Cultúr agus Eitic:** an fhoireann a spreagadh, a luach a aithint agus cultúr nua-aimseartha a chruthú a fháiltíonn roimh eitic.

**Feidhmíocht:** ardfheidhmíocht a chur chun cinn.

**Comhdhéanamh agus struchtúr:** eagraíocht ina bhfuil a 21,000 duine a bharrfheabhsú.

**Cumas chun athrú:** bheith lúfar agus freagrúil d'athrú.

**Daoine a mhealladh, a earcú agus a chomhtháthú:** na daoine cearta, san áit cheart, ag an am ceart.

**Ceannairí túslíne:** ceannairí a shainaitheint, a fhorbairt agus a chumasú.

**Éagsúlacht:** lucht saothair éagsúil agus cuimsitheach.

## TOSCA SEACHTRACHA

Margadh tallainne agus treochtaí san ionad oibre

- Aistríonn an méid a mbíonn **súil ag fostaithe leis** nuair a thagann glúin nua aníos.
- Tá athrú ag teacht ar **chomhdhéanamh an lucht saothair**.
- An t-aistriú i dtreo **cinntí atá curtha chun cinn ag léargas** trí **shonraí** agus **anailísíocht daoine** níos fearr.
- An **riachtanas éagsúlachta** a theastaíonn d'aon eagraíocht rathúil.
- **Eagraíochtaí** agus líonraí foirne **lúfara**.
- **Cineál athraitheach na póilíneachta**.

### Limistéir fócais an Údaráis Phóilíneachta

- An lucht saothair **a earcú, a oiliúint agus a úsáid** go héifeachtach.
- **Comhdhéanamh an lucht saothair**.
- Claochlú **an chultúir**.
- **Éagsúlacht** agus cuimsiú.

### Comhthéacs na hearnála poiblí

- Ár **bplean athchóirithe Seirbhíse Poiblí** agus straitéis daoine na státseirbhíse.
- **Tacaíocht d'fhás** agus athchóiriú **na heagraíochta**.
- **Ionchais** mhéadaitheacha **phoiblí**.

# Ár straitéis daoine

Eagraíocht faoi thiomáint daoine is ea an Garda Síochána a chuireann póilíneacht agus slándáil ar fáil do na daoine a bhfreastalaímid orthu. Treoróidh straitéis ár ndaoine conas a dhéanaimid ár lucht saothair a phleanáil, a sholáthar agus a stiúradh sna chéad 3 bliana eile amach romhainn chun sárphóilíneacht a sholáthar do na pobail ar a bhfreastalaímid.

## Straitéis Daoine


Cuirfimid sársheirbhís phóilíneachta ar fáil trí lucht saothair éagsúil ina léirítear na pobail ar a bhfreastalaímid.

### Ár NDAOINE



Déanfaimid lucht saothair fairsing a mhealladh, a choimeád agus a fhorbairt chun sárphóilíneacht a sholáthar do na pobail ar a bhfreastalaímid.

### Ár GCEANNAIREACHT



Cruthóimid ceannairí ar gach leibhéal trí thuiscint shoiléir ar riachtanais agus forbairt dhírithe.

### Ár GCULTÚR ÉAGSÚIL agus CUIMSITHEACH



Bronnfaimid beatha ar ár luachanna agus spreagfaimid ár ndaoine trí chultúr éagsúil agus cuimsitheach a chruthú do gach duine.

### Ár BHFOLLÁINE



Cuirfimid deiseanna ar fáil dár ndaoine chun bheith faoi bhláth agus a mheabhairshláinte agus a sláinte fhisiciúil agus shóisialta a chosaint.

## Cumasaithe ag

**Plean straitéiseach lucht saothair**  
**Infheistíocht**  
**Teicneolaíocht**  
**Claochlú AD agus Forbartha**  
**Faoi úinéireacht na ceannaireachta**

**Plean straitéiseach dár n-acmhainní**  
**Infheistíocht i ndaoine agus saoráidí**  
**Teicneolaíocht le soláthar agus folláine a chumasú**  
**Samhail oibriúcháin ardtionchair AD agus FG a chur i bhfeidhm**  
**Ár gceannaireacht mar sheimpíní na straitéise daoine**

# Ár straitéis daoine

Nuair a rinneamar breithniú ar an tírdhreach reatha daoine agus na torthaí inmhianaithe, tá cuntas tugtha againn ar dhearcadh ardleibhéil ar an méid a sholáthróidh an straitéis daoine.

## Ár NDAOINE



### Dúshlán na linne seo

- Dúshlán a chruthaíonn planáil an lucht saothair.
- Spriocanna uailmhianacha earcaíochta.
- Díriú teoranta ar na tairiscintí reatha Foghlama agus Forbartha.
- Conairí líneacha gairme ach deiseanna ilchineálacha gairm bheatha.
- Bainistíocht feidhmíochta neamhéifeachtach.

### Torthaí inmhianaithe

- Planáil éifeachtach straitéiseach an lucht saothair.
- Straitéis um thallann a fháil a sholáthraíonn tionscadal 21:21 agus spriocanna athshannta.
- Ardú cumais á sholáthar ag an straitéis Foghlama agus Forbartha.
- Maitrís chonairí ghairme infheicthe agus cumasaithe.
- Próisis éifeachtacha bhainistíochta feidhmíochta.
- Feidhmiú de réir an chóid eitice.
- Meicníochtaí nuashonraithe caidrimh thionsclaíoch.

## Ár GCEANNAIREACTH



- Láidreacht ailníú na ceannaireachta.
- Cur chuige ilchineálach i leith athrú a bhainistiú.
- Cumas éagsúil bainistíochta daoine ar leibhéal maoirseoir túsline.
- Cur chuige aonair ar bith i leith planáil comharbais.
- Deiseanna teoranta forbartha.

- Sainmhíniú soiléir ar iompar ionchasach ceannaireachta.
- Creat forbartha ceannaireachta feabhsaithe.
- Cumas na bainistíochta túsline feabhsaithe.
- Pleananna comharbais do ról ríthábhachtacha i bhfeidhm.
- Feidhmiú de réir an chóid eitice.

## Ár GCULTÚR ÉAGSÚIL agus CUIMSITHEACH



- Tuilleamhlathas a thógáil.
- Cultúr tosta.
- Imeachadh neamhleor i measc an lucht saothair.
- Tá go leor fochultúr i bhfeidhm ach tá cuspóir coiteann ann ar fud na heagraíochta.
- Tá cleachtais éagsúlachta agus chuimsithe teoranta.

- Cultúr inmhianaithe na heagraíochta sainithe agus plan leis an gcultúr sin a chruthú i bhfeidhm.
- Straitéis Éagsúlachta agus Cuimsithe i bhfeidhm agus éifeachtach.
- Tá an Garda Síochána mar an rogha fostóra.
- Próiseas éifeachtach cumarsáide eagraíochta.
- Monatóireacht agus bainistíocht ghníomhach á ndéanamh ar rannpháirtíocht fostaithe
- Cearta Daonna agus Eitic leabaithe sa chultúr.

## Ár BHFOLLÁINE



- Teastaíonn feabhsúcháin ar an timpeallacht oibre.
- Tacaíochtaí teoranta athraithe.
- Tá easpa straitéis nó plan folláine iomlánaíche ann chun bainistíocht folláine fostaithe a threorú.
- Tá tionscnaimh íosta réamhghníomhacha mheabhairshláinte ann.
- Úsáid fhrithghníomhach a bhaint as an tSeirbhís Chúnamh d'Fhostaithe.

- Straitéis folláine iomlánaíche i bhfeidhm agus éifeachtach.
- Clár comhtháite d'fholláine fostaithe dírithe ar an bhfostaí, a dteaghlach agus a n-eispéireas iomlán sa saol agus ag an obair.
- Scéimeanna aitheantais i bhfeidhm a n-áirítear gnéithe neamhairgeadais leo.
- Oscailteacht agus éagsúlacht smaointe agus chumarsáide.
- Tionscnaimh réamhghníomhacha mheabhairshláinte curtha i bhfeidhm.

# Ár straitéis daoine

Imreodh cur i bhfeidhm na straitéise daoine tionchar dearfach ar eispéireas daoine i measc gach céime de shaolré an fhostaí.

Déanfar monatóireacht ráithiúil agus athbhreithniú gach bliain ar an straitéis daoine lena chinntiú go mbíonn sí oiriúnach don fheidhm i gcónaí.

**SAOLRÉ** an fhostaí



Pleanáil agus fáil



Ceannaireacht a ghlacadh agus forbairt a dhéanamh



Imlonnú agus luaíocht a bhronnadh



An fhoireann a spreagadh agus a choimeád




Ár **NDAOINE**

Plean agus togra um thallann a fháil chun lucht saothair na todhchaí a fháil agus a earcú.

Straitéis shoiléir foghlama agus forbartha chun daoine agus cumas a fhorbairt.

Cumas daoine a bharrfheabhsú, trí fheidhmíocht agus bainistíocht líne éifeachtach.

Fostaithe a choimeád agus a spreagadh trí bhainistíocht chomhtháite agus éifeachtach tallainne..



Ár **GCEANNAIREACHT**

Conairí cláir forbartha soiléire ceannaireachta chun ceannairí a mhealladh amach anseo.

Clár fairsingithe ceannaireachta, a fhorbraíonn ceannairí ar gach leibhéal.

Cumasaítear ceannairí le faisnéis agus acmhainneacht chun an fhoireann a imlonnú agus a úsáid go héifeachtach.

Fostaithe spreagtha trí thionchar dearfach díreach a mbainisteoirí líne.



Ár **GCULTÚR ÉAGSÚIL** agus **CUIMSITHEACH**

Cultúr a mheallann fostaithe nua, agus earcaíocht a leabaíonn ár luachanna agus éagsúlacht chultúrtha.

Forbairt agus cleachtais cheannaireachta a mhéadaíonn oscailteacht agus a leabaíonn cultúr agus luachanna na heagraíochta.

Cultúr ardfheidhmíochta agus aitheantais bunaithe trí chláir ailínithe thallainne.

Tionscnaimh chlaochlaithe agus rannpháirtíochta cultúir a mbíonn an fhoireann páirteach iontu agus feabhas a chur ar mheanma.



Ár **BHFOLLÁINE**

Clár agus straitéis folláine a fheidhmíonn mar dhifreálaí agus atá mealltach d'fhostaithe nua.

Ceannaireacht a aithníonn agus a thacaíonn le folláine iomlánaíoch dhaoine mar dhaoine aonair.

Tionscnaimh folláine a thacaíonn le sláinte fhisiciúil, mheabhrach agus shóisialta daoine ag an obair.

An fhoireann a choimeád trí thacú lena n-athléimneacht agus folláine, agus trí rannpháirtíocht méadaithe trí ghníomhaíochtaí folláine.

# Ár ndaoine



Déanfaimid lucht saothair fairsing a mhealladh, a choimeád agus a fhorbairt chun sárphóilíneacht a sholáthar do na pobail ar a bhfreastalaímid.

Is é an tsócmhainn is tábhachtaí atá ag an nGarda Síochána ná a dhaoine, agus is trí ghairmiúlacht, tiomantas agus dúthracht ár ndaoine is féidir linn póilíneacht agus slándáil a sholáthar dár bpobail. D'fhonn leanúint leis seo a dhéanamh, caithfimid na daoine cearta a mhealladh, a choimeád agus a fhorbairt, agus iad a imlonnú san áit cheart ag an am ceart chun an tsárphóilíneacht a sholáthar dár bpobail a bhfuil súil acu leis agus atá tuillte acu. Leagtar amach i dtosaíocht daoine ár straitéise conas a mheallfaimid agus a fhásfaimid an lucht saothair, conas a fhorbróimid ár ndaoine agus a bhainfimid an úsáid is fearr agus is féidir as a dtallann.

## Príomh-cheangail:



- Ionchais shoiléirecheannaireachta
- Ceannairí a athrú
- Scileanna bainistíochta túslíne

### Ár gCeannaireacht



- Pleanáil éagsúlachta
- Cultúr feidhmíochta
- Eagrú comhtháite

### Ár gcultúr éagsúil agus cuimsitheach



- Timpeallacht chothrom, chuimsitheach agus éagsúil
- Coinníollacha feabhsaithe oibre agus bainistíocht réamhghníomhach a dhéanamh ar fholláine dhaoine Aitheantas

### Ár bhfolláine

## Conas a sholáthróimid é seo

Chun ár straitéis daoine a sholáthar, caithfidh go mbíonn cleachtais ailínithe agus chomhtháite bhainistíochta tallainne i bhfeidhm againn. Le bheith éifeachtach, caithfidh na cleachtais seo a bheith faoi úinéireacht agus á stiúradh ag ceannaireacht ár n-eagraíochta. Glacfaidh Acmhainní Daonna agus Forbairt Ghairmiúil (AD agus FG) le ról tábhachtach chun colún daoine na straitéise a stiúradh trína chinntiú go bhfuil oibríochtaí bunúsacha acmhainní daonna i bhfeidhm, na hacmhainní cuí a shannadh agus na huirlisí agus próisis a chur i bhfeidhm a chuireann ar chumas an ghnólachta chun daoine a bhainistiú go héifeachtach.

I measc na dtosaíochtaí atá le soláthar amach anseo, tá an méid seo a leanas:

- Plean straitéiseach lucht saothair a chinntíonn go bhfuil na daoine cearta san áit cheart ag an am ceart.
- Tallann a fháil a thacaíonn le hacmhainní a chur ar fáil do phleananna agus deiseanna athshannta.
- Éagsúlacht agus cuimsiú leabaithe inár ngníomhaíochtaí um thallann a fháil agus bainistíochta daoine.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar uainchlár agus liúntais leis an tseirbhís is éifeachtúla, is éifeachtaí agus is freagrúla a chinntiú.
- Straitéis Foghlama agus Forbartha a thacaíonn leis an gcumas chun ardú a bhaint amach i measc na leibhéal go léir.
- Cumas daoine a bharrfheabhsú, trí bhainistíocht feidhmíochta éifeachtach.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar an bpróiseas Disciplíne agus rialacháin ghaolmhara.
- Feidhmiú de réir ár gCóid Eitice.

## Cad atá i gceist leis an rath a bhaint amach?


- Bainistíocht feidhmíochta i bhfeidhm i measc na bhfostaithe go léir laistigh de 12 mhí.
- Feabhsú bliain ar bhliain ar spriocanna éagsúlachta agus cuimsithe.
- Struchtúir chaidrimh thionsclaíoch i bhfeidhm.
- Próiseas éifeachtach disciplíne.
- Teacht ar na sonraí cuí faoi dhaoine.

Príomh-mhéadracht:

- Méadracht chomhionannais agus éagsúlachta.
- % fostaithe a bhfuil scileanna ríthábhachtacha acu.
- % fostaithe atá ag tabhairt faoin bpróiseas bainistíochta feidhmíochta.
- Am le folúntais a líonadh.
- # d'athshannacháin críochnaithe.

# Ár gceannaireacht

Cruthóimid ceannairí ar gach leibhéal trí thuiscint shoiléir ar riachtanais agus forbairt dhírithe.



Gné ríthábhachtach den straitéis daoine is ea an gá atá le daoine aonair cumasacha a shainnithint do róil ríthábhachtacha. Tugtar tús áite d'fhorbairt éifeachtach a dhéanamh ar ár gceannairí reatha agus amach anseo lena chinntiú go mbíonn an cumas ceart i bhfeidhm againn chun tabhairt faoinár gcuspóirí. Gné ríthábhachtach den chlár athraithe agus de na haistriúcháin riachtanacha inár gcultúr a bheidh i gceannaireacht eagraíochtúil. Díríonn tosaíocht cheannaireacht ár straitéise daoine ar conas is féidir linn an cumas ceannaireachta a sholáthar ar gach leibhéal chun freastal ar riachtanais athraitheacha ár n-eagraíochta anois agus amach anseo.

## Príomh-cheangail:



### Ár ndaoine

- Tallann a fháil
- Bainistíocht Feidhmíochta
- Foghlaim agus Forbairt
- Pleanáil comharbais



### Ár gcultúr éagsúil agus cuimsitheach

- Bainisteoirí cumasaithe
- Ceannaireacht a chur in iúl
- Iompar eiseamláirí



### Ár bhfoláine

- Solúbthacht a chur chun cinn
- Rannpháirtíocht a mhéadú
- Cóitseáil/meantóireacht

## Conas a sholáthróimid é seo

Chun ár straitéis daoine a sholáthar, caithfidh go mbíonn ceannairí láidre againn ar gach leibhéal. Cuireann ceannaireacht éifeachtach ar chumas na heagraíochta freagairt d'éilimh athraitheacha le lúfaireacht agus tionchar dearfach a imirt ar chultúr na heagraíochta.

I measc na dtosaíochtaí atá le soláthar amach anseo, tá an méid seo a leanas:

- Sainmhíniú soiléir ar iompar ionchasach ceannaireachta curtha in iúl do gach leibhéal ceannaireachta.
- Déanann ceannairí agus bainisteoirí rólmhúnlú ar an iompar a bhaineann le hathrú cultúir.
- Leasaíodh an clár ceannaireachta chun gnéithe cultúir, eitice agus sábháilteachta síceolaíche a chur san áireamh.
- Déanann an bhainistíocht túsline bainistíocht éifeachtach ar fheidhmíocht, agus déanann siad an fhoireann a spreagadh.
- Feabhas curtha ar an tsamhail forbartha ceannaireachta chun eispéiris forbartha a chur san áireamh atá lasmuigh de mhodhanna traidisiúnta foghlama, deiseanna piarfhoghlama ina measc.
- Pleananna comharbais do róil ríthábhachtacha i bhfeidhm, a thógann píblíne láidir cheannaireachta chun freastal ar riachtanais athraitheacha an Gharda Síochána.
- Feidhmiú de réir ár gCóid Eitice.

## Cad atá i gceist leis an rath a bhaint amach?

- Éagsúlacht mhéadaithe inár gceannaireacht.
- Athruithe iompraíochta ailínithe le cultúr agus luachanna eagraíochta.
- Clár leasaithe ceannaireachta i bhfeidhm, piarfhoghlaim ina measc.
- Deiseanna luaineachta i bhfeidhm.

Príomh-mhéadracht:

- Príomhcheannairí a choimeád.
- Léirítear á sochaí fhairsing inár gceannaireacht.
- Bearta bainistíochta feidhmíochta.



# Ár gcultúr éagsúil agus cuimsitheach

Bronnfaimid beatha ar ár luachanna agus spreagfaimid ár ndaoine trí chultúr éagsúil atá oscailte don éagsúlacht agus cuimsiú a chruthú.



Buntacaíonn cultúr ár n-eagraíochta le gach gné den mhéid a dhéanaimid. Is mian linn go léirítear inár gcultúr luachanna an Gharda Síochána, agus go bhfeidhmítear de réir na luachanna siúd trínár n-iompar laethúil. Sainaitníodh san iniúchadh ar chultúr roinnt limistéir thosaíochta a bhfuiltear le dul i ngleic leo chun ár gcultúr a chlaohlú agus a fhorbairt. Beidh an éagsúlacht agus cuimsiú ina saintréithe chun cultúr eagraíochta a chruthú ina léirítear na pobail ar a bhfreastalaímid agus a sholáthraíonn timpeallacht chuimsitheach oscailte agus dhearfach oibre dár ndaoine.

## Príomh-cheangail:



### Ár ndaoine

- Tá an Garda Síochána mar an rogha fostóra.
- Straitéis um thallann a fháil
- Oscailteacht agus trédhearcacht phróiseas



### Ár gCeannaireacht

- Ceannaireacht a chur in iúl
- Iontaobhas agus trédhearcacht sa cheannaireacht
- Ceannaireacht chuimsitheach



### Ár bhfolláine

- Idirchaidreamh dearfach
- Timpeallacht éagsúil agus chuimsitheach
- Oscailteacht

## Conas a sholáthraímid é seo

Chun ár straitéis daoine a sholáthar, caithfimid cultúr eagraíochta a shainiú agus a fhorbairt a mheallann daoine cumasacha, a chuireann go dearfach le branda fostóra an Gharda Síochána agus a leabaíonn an éagsúlacht agus cuimsiú i measc gach coda den eagraíocht.

I measc na dtosaíochtaí atá le soláthar amach anseo, tá an méid seo a leanas:

- Cultúr inmhianaithe sainithe agus tabhairt faoi phlean soláthair a bhaineann torthaí follasacha amach i bpríomhlimistéir ar nós na héagsúlachta, na feidhmíochta, na hoscailteachta agus na trédhearcachta, cumarsáid cheannaireachta.
- Cearta daonna, iompar eiticúil agus comhionannas a leabú isteach i ngach ceann dár ngníomhaíochtaí póilíneachta agus gnó.
- Forbraítear agus cuirtear straitéis éagsúlachta agus cuimsithe i bhfeidhm ina gcuirtear gnéithe seachtracha agus inmheánacha san áireamh.
- Bunaíodh aonad Ceart Daonna agus forbraíodh straitéis Ceart Daonna.
- Aithnítear an Garda Síochána mar an rogha fostóra.
- Rinneadh cainéil shoiléire chumarsáide a ghníomhachtú agus a úsáid go héifeachtach chun tionchar dearfach a imirt ar an eagraíocht.
- Clár rannpháirtíochta cultúrtha fostaithe forbartha agus monatóireacht agus bainistíocht ghníomhach á déanamh air.

## Cad atá i gceist leis an rath a bhaint amach?

- Feabhas tagtha ar thorthaí iniúchta chultúrtha faoin mbliain 2021.
- Dearcadh dearfach seachtrach i leith ár n-eagraíochta.
- Straitéis éagsúlachta agus cuimsithe forbartha agus á tabhairt isteach.
- Baineann buntábhacht le cearta daonna, eitic agus comhionannas i dtaobh gníomhaíocht gnó.

Príomh-mhéadracht:

- Torthaí an tsuirbhé ar rannpháirtíocht.
- Rannpháirtíocht i mbainistíocht feidhmíochta.
- Spriocanna éagsúlachta agus cuimsithe.

# Ár bhfolláine



Cuirfimid deiseanna ar fáil dár ndaoine chun bheith faoi bhláth agus a mheabhairshláinte agus a sláinte fhisiciúil agus shóisialta a chosaint.

Oibríonn ár ndaoine ar an túslíne agus póilíneacht á soláthar chun pobail a choimeád sábháilte agus slán. Aithnímid na dúshláin atá roimh ár ndaoine agus conas a imríonn iad seo tionchar ar shláinte agus folláine. Déanfaimid dianiarracht chun timpeallacht a sholáthar ina gcomhlíontar riachtanais níos déine ná na riachtanais bhunúsacha sláinte agus sábháilteachta agus a thacaíonn lenár ndaoine an rath a bhaint amach i measc gach gné dá sláinte agus folláine fhisiciúil, mheabhrach agus shóisialta. Trí thús áite a thabhairt d'fholláine mar chroíchólún dár straitéis daoine, táimid tiomanta do thús áite a thabhairt do shláinte mheabhrach, fhisiciúil agus shóisialta daoine.

## Príomh-cheangail:



### Ár ndaoine

- An próiseas um thallann a fháil
- Glacacht le hathrú
- Deiseanna forbartha



### Ár gCeannaireacht

- Daoine spreagtha agus gníomhacha
- Foirne féinstiúrtha
- Eiseamláirí iad ceannairí



### Ár gcultúr éagsúil agus cuimsitheach

- An Garda Síochána mar áit a mholtar oibriú ann
- Aitheantas
- Cothrom, cuimsitheach agus éagsúil

## Conas a sholáthraímid é seo

Chun tacú lenár straitéis daoine, caithfimid timpeallacht a chruthú ina dtugtar aird ar gach gné d'fholláine ár ndaoine. Caithfimid eispéireas dearfach oibre a chruthú a théann i gcion ar an lucht saothair, a gcomhghleacaithe timpeall orthu - go háirithe bainisteoirí agus ceannairí - an obair féin agus na deiseanna le haghaidh forbartha agus borrrtha. Agus an fíorbhaol á aithint, i dturas an ama go léir, atá roimh ár ndaoine i dtaobh póilíneacht a sholáthar don phobal.

I measc na dtosaíochtaí atá le soláthar amach anseo, tá an méid seo a leanas:

- Straitéis iomlánaíoch folláine a sholáthraíonn deiseanna dár ndaoine bheith faoi bhláth agus a mheabhairshláinte agus a sláinte fhisiciúil agus shóisialta a chosaint.
- Clár comhtháite d'fholláine fostaithe dírithe ar an bhfostaí, a dteaghlach agus a n-eispéireas sa saol agus ag an obair.
- Tacaíochtaí iarthegmhais feabhsaithe agus i bhfeidhm do chách.
- Scéimeanna aitheantais i bhfeidhm a n-áirítear gnéithe neamhairgeadais leo.
- Tionscnaimh réamhghníomhacha mheabhairshláinte, agus glacadh gníomhach le cláir thacúla.

## Cad atá i gceist leis an rath a bhaint amach?

- Straitéis folláine iomlánaíche deartha, forbartha agus á tabhairt isteach laistigh de 18 mí.
- Úsáid réamhghníomhach mhéadaithe a bhaint as an tSeirbhís Chúnaimh d'Fhostaithe faoin mbliain 2020.
- Scéimeanna aitheantais i bhfeidhm.
- Rátaí neamhláithreachta a laghdú faoin mbliain 2021.

Príomh-mhéadracht:

- Sonraí sláinte agus folláine.
- Rátaí asláithreachta.
- Sonraí faoi agallaimh fágála.

# Treoirphlean maidir le tionscnaimh dhaoine a dtugtar tús áite dóibh leagtha amach i gcaitheamh na chéad trí bliana eile amach romhainn go dtí 2021

	LE DÉANAMH ANOIS laistigh de 12 mhí	LE DÉANAMH INA DHIAIDH SEO laistigh de 24 mí	LE DÉANAMH NÍOS DÉANAÍ laistigh de 36 mí
ÁR NDAOINE	<ul style="list-style-type: none"> <li>Tabhairt faoi dhaonáireamh ar fud na heagraíochta go léir.</li> <li>Ár bplean straitéiseach lucht saothair a leasú.</li> <li>Leanúint le plean um athchóiriú an lucht saothair a chur i bhfeidhm.</li> <li>Tús a chur le measúnú a dhéanamh ar dheiseanna éadála an lucht saothair.</li> <li>Tabhairt isteach bainistíocht feidhmíochta a athbhreithniú, a spreagadh agus leanúint leis i measc na bhfostaithe go léir.</li> <li>Tús a chur le hathbhreithniú agus leasú ar rialacháin disciplíne an Gharda Síochána.</li> <li>Tús a chur le hathbhreithniú chun ár straitéis Foghlama agus Forbartha a nuashonrú.</li> <li>Stiúthóir Foghlama agus Forbartha a cheapadh.</li> <li>Tús a chur le hathbhreithniú ar ról Cúltaca an Gharda Síochána.</li> <li>Struchtúir chaidrimh thionsclaíoch a bhunú.</li> <li>Tús a chur le hathbhreithniú ar uainchláir agus liúntais.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn ar leasú an lucht saothair.</li> <li>Gníomhaíochtaí cuí straitéiseacha gnóthaithe lucht saothair a chur i bhfeidhm.</li> <li>Branda an Gharda Síochána a fhorbairt.</li> <li>Athbhreithniú a dhéanamh ar rannpháirtíocht agus dul chun cinn ar bhainistíocht feidhmíochta.</li> <li>Athbhreithniú a chríochnú ar rialacháin disciplíne an Gharda Síochána agus próiseas leasaithe a thabhairt isteach.</li> <li>Cláir leasaithe Foghlama agus Forbartha a thabhairt isteach, agus modhanna nua soláthair.</li> <li>Tús a chur le straitéis leasaithe Chúltaca an Gharda Síochána.</li> <li>Monatóireacht a dhéanamh ar struchtúir chaidrimh thionsclaíoch.</li> <li>Córas cuíchóirithe oibríochtúil a fhorbairt agus a thabhairt isteach do liúntais.</li> <li>Tús a chur le huainchláir leasaithe a thabhairt isteach.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Measúnú a dhéanamh ar dhul chun cinn an phlean earcaíochta agus lucht saothair.</li> <li>Branda an Gharda Síochána a phoibliú.</li> <li>Monatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar an gcóras bainistíochta feidhmíochta.</li> <li>Tús a chur le sraith tacaíocht foghlama agus feidhmíochta a fhorbairt.</li> <li>Tús a chur le creataí conair ghairme a dhearadh.</li> <li>Monatóireacht a dhéanamh ar phróiseas leasaithe disciplíne a thabhairt isteach.</li> <li>Monatóireacht a dhéanamh ar straitéis Chúltaca an Gharda Síochána a chur i bhfeidhm.</li> <li>Monatóireacht a dhéanamh ar chóras leasaithe liúntas.</li> <li>Monatóireacht a dhéanamh ar shocruithe leasaithe uainchláir.</li> <li>Pleananna agus próisis a fhorbairt chun sonraí faoi dhaoine a chur i dtaifead, a anailísiú agus a úsáid níos fearr.</li> </ul>
ÁR GCEANNAIREACHT	<ul style="list-style-type: none"> <li>Tús a chur le beartas luaineachta agus tionachta a fhorbairt don eagraíocht.</li> <li>Clár forbartha ceannaireachta a athbhreithniú agus a fhairsingiú.</li> <li>Straitéis cumarsáide a fhorbairt agus a ghníomhachtú.</li> <li>Bainisteoirí a fhorbairt agus a chumasú le feidhmíocht daoine a chumasú.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Beartas luaineachta agus tionachta a chur i bhfeidhm don cheannaireacht shinsearach agus triail phíolótach a bhaint as a fhairsingiú chuig limistéir eile.</li> <li>Clár athnuaithe ceannaireachta a thabhairt isteach.</li> <li>Tús a chur le próisis fheabhsaithe chumarsáide a chur i bhfeidhm.</li> <li>Leanúint ag tacú le bainisteoirí le feidhmíocht daoine a chumasú.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Leanúint le triail phíolótach a bhaint as beartas luaineachta agus tionachta agus é a fhairsingiú.</li> <li>Creat pleanála comharbais ceannaireachta a fhorbairt.</li> <li>Éifeachtacht chumarsáide a athbhreithniú.</li> <li>Bainistíocht daoine a leabú.</li> <li>Clár a fhorbairt chun uasoiliúint a chur ar bhainisteoirí i mbainistíocht a dhéanamh ar fholláine.</li> </ul>
ÁR GCULTÚR ÉAGSÚIL AGUS CUIMSITHEACH	<ul style="list-style-type: none"> <li>Tús a chur le rannpháirtíocht ar chultúr agus fíis 'eagraíocht amháin'.</li> <li>Straitéis rannpháirtíochta san iniúchadh ar chultúr a fhorbairt a chur i ngnímh.</li> <li>Straitéis chomhionannais, éagsúlachta agus cuimsithe, méadracht agus plean gníomhaíochta a fhorbairt.</li> <li>Straitéis Ceart Daonna a fhorbairt.</li> <li>Leanúint lenár gCód Eitice a leabú</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Leanúint le rannpháirtíocht san fhís 'eagraíocht amháin' agus í a chur chun cinn.</li> <li>Aschur rannpháirtíochta an iniúchta ar chultúr a athbhreithniú agus freagairtí a chur i ngnímh agus a shainnaint.</li> <li>Tionscnaimh éagsúlachta agus cuimsithe a chur i ngnímh.</li> <li>Tús a chur le Straitéis Ceart Daonna a chur i bhfeidhm.</li> <li>Leanúint lenár gCód Eitice a leabú.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Socruithe aistrithe a fhorbairt don fhís 'eagraíocht amháin'.</li> <li>Straitéis rannpháirtíochta san iniúchadh ar chultúr a leabú mar ghníomhaíocht ghnó.</li> <li>Athbhreithniú a dhéanamh ar mhéadracht chomhionannais, éagsúlachta agus chuimsithe agus gníomhartha a chur chun cinn.</li> <li>Ceartha daonna agus iompar eiticíúil a leabú isteach i ngníomhaíocht ghnó.</li> </ul>
ÁR BHFOLLÁINE	<ul style="list-style-type: none"> <li>Tús a chur le straitéis sláinte, leasa agus folláine a fhorbairt.</li> <li>Tús a chur le hathbhreithniú agus beartas nuashonraithe um Thacaíocht Iartheagmhais</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Tús a chur le tionscnaimh straitéiseacha shláinte, leasa agus folláine a thabhairt isteach.</li> <li>Beartas Tacaíochta Iartheagmhais nuashonraithe agus curtha i bhfeidhm.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Leanúint le tionscnaimh sláinte, leasa agus folláine a thabhairt isteach, a mhonatóiriú agus a chur chun cinn.</li> <li>Monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht na straitéise.</li> </ul>

Cumasaithe ag Plean an Lucht Saothair; Infheistíocht; Samhail Oibriúcháin Acmhainní Daonna; Teicneolaíocht; Tacaíocht Cheannaireachta